



# Obair a thabhairt suas de dheasca easláinte

## Réamhrá

Tá feidhm ag an scéim seo maidir le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a íocann ÁSPC ar Aicme B, C nó D agus a bhfuil orthu a gcuid oibre a thabhairt suas de dheasca easláinte.

Déanann ranníocaíochtaí arna n-íoc nó arna gcur chun sochair ar na haicmí seo soláthar do Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

## Ranníocaíochtaí curtha chun sochair

Mura dócha go bhfillfidh tú ar an obair, is ceart duit teastais bhliantúla an dochtúra a chur chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is féidir go dtabharfar ranníocaíocht curtha chun sochair ('creidmheasanna') duit i dtaca le gach seachtain a mbeidh tú breoite. Coinneoidh na 'creidmheasanna' seo do thaifead árachais shóisialaigh cothrom le dáta agus is féidir go gcabhróidh siad leat do theidlíocht ar na híocaíochtaí thuas sa todhchaí a chosaint.

## Conas a dhéantar iarratas?

Chun iarratas ar 'chreidmheasanna' a dhéanamh, ba cheart duit an fhoirm iarratais **CR35** a líonadh, agus í a chur, maille le teastas dochtúra a shonródh an dáta ar éirigh tú éagumasach chun oibre, chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
**Seirbhís Intofachta na gCliaint**  
 Bóthar Mhic Artair  
 Bun Cranncha  
 Contae Dhún na nGall

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais  
 An Roinn Coimirce Soisialaí  
 Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
 Bóthar an Choláiste  
 Sligeach

Guthán: 01 4715 898

Íosghlao: 1890 690 690

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar: +353 1 4715898, le do thoil.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).**

## Teastais dhochtúra a chur isteach

Ba cheart duit do chéad teastas dochtúra a chur isteach leis an bhfoirm iarratais **CR35**. Ba cheart do do dhochtúir an teastas seo a dhátú **ó** dháta an scoir de dheasca easláinte go dtí 31 Nollaig na bliana reatha.

Thairis sin, ní mór duit teastais bhliantúla an dochtúra ina dhiaidh sin a chur isteach ar 1 Eanáir gach bliain go ceann na tréimhse a bheidh tú éagumasach chun oibre nó go dtí go sroichfidh tú 66 bliana d'aois.

Ba cheart do do dhochtúir deimhin a dhéanamh de go luafadh do theastais dochtúra nach féidir leat obair a dhéanamh de dheasca breoiteachta.

## Seirbhísí sláinte

Is féidir go bhfaighidh tú seirbhísí (mar chárta leighis) ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i do cheantar duit féin agus do do chleithiúnaithe.

Má tá aon cheist agat faoi na seirbhísí éagsúla, déan teagmháil le d'oifig áitiúil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin).
- Buail isteach chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh.